Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Comhairle Chontae na Gaillimhe: Cur i bhFeidhm an Dualgais um Chomhionannas agus Cearta an Duine don Earnáil Phoiblí

# Measúnú ar Shaincheisteanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine & Leabhar Fianaise

**Meitheamh 2023**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Clár na nÁbhar**


1. Réamhrá

2. Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine

3. Leabhar Fianaise
    - Straitéisí Beartais Áitiúil
    - Straitéisí Beartais Náisiúnta
    - Taighde Náisiúnta
    - Aighneachtaí Idirnáisiúnta agus Náisiúnta

4. Cruinniú Bailíochtaithe

## Réamhrá

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe an measúnú seo ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine i gcomhlíonadh Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014: an dualgas um chomhionannas agus cearta an duine don earnáil phoiblí (an Dualgas) [1]. Ceanglaítear leis an Dualgas ar chomhlachtaí poiblí aird a bheith acu ar an ngá le deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ar mhaithe le fostaithe, úsáideoirí seirbhíse agus tairbhithe beartais, i ngach réimse feidhme dá gcuid. Le linn di an measúnú seo a dhéanamh, chloígh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an treoir arna heisiúint ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.[2]

Ceanglaítear leis an gcéad chéim den Dualgas ar chomhlacht poiblí measúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a ullmhú agus a fhoilsiú, saincheisteanna a bhfuil ar ghrúpaí atá sainaitheanta faoin Dualgas aghaidh a thabhairt orthu agus atá ábhartha d'fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí. Ní measúnú ar fheidhmíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le comhionannas agus cearta an duine é an measúnú seo.

Sa mheasúnú ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine rinneadh scrúdú ar staid, eispéireas agus féiniúlacht na ngrúpaí sainaitheanta don Dualgas, i gcás ina mbaineann:

- **Staid** an ghrúpa le rochtain ar acmhainní agus aon mhíbhuntáiste áirithe a bhfuil ar an ngrúpa sin dul i ngleic leis.
- **Eispéireas** an ghrúpa le cáilíocht a chaidrimh le fostaithe agus soláthraithe seirbhíse agus an tsochaí níos leithne.
- **Féiniúlacht** an ghrúpa leis an gcaoi a gcuireann sé a fhéiniúlacht in iúl agus na riachtanais shonracha a thagann chun cinn lena fhéiniúlacht.

Tá na grúpaí a sainaithníodh don Dualgas cumhdaithe de réir foras maidir le hinscne (lena n-áirítear léiriú inscne, féiniúlacht inscne agus tréithe gnéis), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí), aois, míchumas (a shainítear go leathan chun gach grúpa lagaithe a chur san áireamh), gnéaschlaonadh, cine, reiligiún, ballraíocht den Lucht Siúil agus stádas socheacnamaíoch (i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta nó atá thíos leo cheana féin)[3]. Áirítear leis sin na daoine atá thíos le roinnt de na forais sin. Áirítear leis chomh maith sealbhóirí ceart faoi na hionstraimí éagsúla maidir le cearta an duine atá ábhartha d'fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí.

Cuimsíonn feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe: fostaíocht; soláthar seirbhíse; cur chun cinn; rialtóir; ceapadh beartais; agus gnóthaí corparáideacha

---

[1] Alt 42 An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

[2] Uirlis do Mheasúnú Fianaisebhunaithe ar Shaincheisteanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2020).

[3] Is iad seo na naoi bhforas a chumhdaítear faoi reachtaíocht chomhionannais mar aon le 'deichiú foras' atá molta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i dTreoir 2019 don Dualgas dá chuid.

Shainaithin agus shainigh Comhairle Chontae na Gaillimhe cúig luach a spreagann ár n-uaillmhianta do chomhionannas agus do chearta an duine maidir leis an Dualgas a chur chun feidhme: dínit; éagsúlacht; cuimsiú; agus rannpháirtíocht. Úsáidtear na luachanna sin mar chreat chun an measúnú seo ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a leagan amach.

## 2. Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine

Trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a shainaithnítear thíos, léirítear tiomantas chun freagairt don leatrom ar leith a bhaineann le ciníochas, aicmeachas, cumasachas, homafóibe, trasfhóibe, seicteachas, gnéasachas agus aoiseachas.

Baineann na saincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine a sainaithníodh thíos leis na grúpaí sainaitheanta go léir mura gcuirtear a mhalairt in iúl. I gcásanna áirithe, tugtar samplaí sonracha maidir le grúpaí áirithe ag a bhfuil taithí ar leith maidir le saincheist(eanna) faoi leith nó sa chás go mbíonn an grúpa sin thíos le sárú suntasach/leanúnach maidir le neamhionannas/leithcheal/cearta an duine faoi mar a bhaineann sé leis an tsaincheist (na saincheisteanna sin) faoi leith sin.

**Dínit**

***Baineann dínit le meas, cúirtéis, cothroime agus muintearas. Baineann sí le caitheamh go cothrom le gach duine, agus le bheith freagrúil do riachtanais aonair***

Is iad na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Claonadh, barúlacha bréagacha, agus steiréitíopaí, lena n-áirítear:
    - leibhéil réasúnta ard de steiréitíopáil a dhéanamh ar dhaoine scothaosta, an Lucht Siúil, mná agus daoine LADTI+; agus
    - an stiogma a bhíonn ar dhaoine LADTI+ cur suas leis.
- leithcheal, sistéamach agus aonair, lena n-áirítear:
    - obair a fháil, san ionad oibre agus rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear tithíocht;
    - leithcheal a bhaineann le toircheas, agus leithcheal maidir le haistriú féiniúlachta inscne ag an obair; agus
    - leibhéil arda leithcheala a bhíonn ar Ghrúpaí Dubha agus grúpaí mionlaigh eitneacha cur suas leo, lena n-áirítear an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas agus daoine LADTI+.
- Ciapadh, gnéaschiapadh, bulaíocht, drochíde agus foréigean, lena n-áirítear:
    - foréigean inscnebhunaithe le hiarmhairtí ag an obair, amhail bheith gan dídean, agus easpa seirbhísí tacaíochta; agus
    - easpa sábháilteachta agus neamhchinnteacht do dhaoine scothaosta agus do dhaoine LADTI+ i spásanna poiblí.

- An gá atá ann féiniúlacht duine a cheilt ar eagla go mbeidh leithcheal nó ciapadh ag an obair, agus rochtain á fáil ar sheirbhísí, agus i spásanna poiblí, lena n-áirítear:
    - an Lucht Siúil, daoine LADTI+ agus daoine faoi mhíchumas folaithe san ionad oibre.
- Teorainneacha ar neamhspleáchas agus uathriail, lena n-áirítear:
    - daoine faoi mhíchumas a institiúidiú agus gan rogha agus smacht a éascú maidir leis an áit a mbeidh cónaí orthu;
    - easpa tacaíochta agus soláthar do chinnteoireacht chuidithe do dhaoine faoi mhíchumas;
    - institiúidiú daoine scothaosta agus gan a éascú do dhaoine an tseanaois a chaitheamh i dteach agus ina bpobal féin;
    - spleáchas airgeadais do dhaoine óga; agus
    - easpa rochtana ar fhaisnéis agus gan roghanna eolasacha a éascú.
- Leithlisiú, lena n-áirítear:
    - don Lucht Siúil, maidir le suíomh a gcóiríochta;
    - daoine LADTI+, agus iad ag teacht amach agus ag maireachtáil i gceantair thuaithe; agus
    - daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí leo féin.
- Easpa beartas agus nósanna imeachta chun freagra a thabhairt ar cheisteanna leithcheala, ciaptha agus gnéaschiaptha a thagann chun cinn agus gan iad a chur i bhfeidhm go cuí nuair a thagann saincheisteanna den chineál sin chun cinn.
- Tearcthuairisciú ar leithcheal ar eagla na híospartha, easpa feasachta ar chearta, peirspictíochtaí nach féidir athrú a dhéanamh, agus easpa eolais ar bheartais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

**Éagsúlacht**

***Is éard atá i gceist le héagsúlacht ná eagraíocht a léiríonn an tsochaí ar a bhfreastalaíonn sí agus atá inrochtana ina cuid feidhmeanna go léir. Baineann sé le hoiriúnú do shainriachtanais na héagsúlachta daoine.***

Is iad na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Gan freastal réasúnach a dhéanamh agus oiriúnú do riachtanais shonracha i bhfostaíocht agus i soláthar seirbhíse, lena n-áirítear:
    - socruithe a dhéanamh agus solúbthacht maidir leis an ionad oibre agus soláthar seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas a oiriúnú;
    - easpa ateangaireachta agus aistriúcháin teanga san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse, lena n-áirítear teanga chomharthaíochta;

- gan oiriúnú d’éagsúlacht chultúrtha i measc grúpaí mionlaigh eitneacha agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear easpa aitheantais agus freastal ar fhéiniúlacht agus ar chultúr ar leith an Lucht Siúil;
- easpa cóiríochta atá oiriúnach ó thaobh cultúir de ar fáil don Lucht Siúil;
- easpa socruithe scoir de réir a chéile solúbtha do dhaoine scothaosta;
- easpa aitheantais do lánúineacha den ghnéas céanna agus easpa soláthair seirbhísí neodracha inscne chun freastal ar dhaoine LADTI+; agus
- easpa socruithe solúbtha oibre agus solúbthachta i seachadadh seirbhísí chun rochtain a éascú dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu

- Easpa tacaíochtaí agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais shonracha daoine ó na grúpaí aitheanta, lena n-áirítear:
  - tacaíochtaí agus seirbhísí a theastaíonn ó fhostaithe nó ó úsáideoirí seirbhísí faoi mhíchumas;
  - tacaíochtaí a theastaíonn ó dhaoine scothaosta chun maireachtáil go neamhspleách; agus
  - easpa tacaíochtaí do Ghrúpaí Dubha agus grúpaí mionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil chun a gcultúir ar leith a chaomhnú, a chothú agus a chothabháil.
- Gan pleanáil a dhéanamh de réir dearadh don éagsúlacht agus na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis sin, agus easpa na gcóras atá riachtanach don phleanáil agus don fhorbairt sin.
- Easpa tuisceana ar éagsúlacht, easpa eolais ar conas socruithe réasúnta a dhéanamh, easpa beartais maidir le hoiriúnú don éagsúlacht agus easpa cumais chun na córais a chur i bhfeidhm atá riachtanach chun éagsúlacht a chur san áireamh agus chun oiriúnú di.
- Gan faisnéis a bheith ar fáil agus inrochtana maidir le freastal réasúnach atá ar fáil agus conas leas a bhaint as.
- Timpeallachtaí institiúideacha, ionaid oibre agus suíomhanna soláthair seirbhísí atá dofháilteach, lena n-áirítear:
  - cásanna a choisceann nó nach spreagann agus nach éascaíonn daoine le bheith iomlán oscailte faoina bhféiniúlacht; agus
  - cásanna nach bhfuil aon infheictheacht dhearfach maidir leis an éagsúlacht.
- Inrochtaineacht an fhearainn phoiblí, na bhfoirgneamh, na gcóras TF, agus na seirbhísí iompair, lena n-áirítear:
  - bacainní rochtana atá roimh dhaoine faoi mhíchumas;
  - easpa spásanna poiblí aoisbháúil;
  - easpa prionsabail deartha uilíocha agus a gcur i bhfeidhm; agus

- easpa inoiriúnaitheachta na n-aonad cónaithe don tsaolré.
- Gan próisis chumarsáide agus chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta riachtanais agus bacainní sonracha a chur san áireamh, lena n-áirítear:
  - litearthacht;
  - éagsúlacht teanga;
  - an gá atá le Béarla simplí;
  - láithreacha tuaithe; agus
  - neamhionannas digiteach.
- Easpa for-rochtana chuig na grúpaí aitheanta
- Gan trasnaíocht agus éagsúlacht laistigh de na grúpaí sainaitheanta a chur san áireamh, agus freagairt go leordhóthanach agus go hiomchuí don éagsúlacht sin, go háirithe i dtionscnaimh spriocdhírithe.
- Easpa sonraí comhionannais ar na grúpaí sainaitheanta, lena n-áirítear go háirithe grúpaí dubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil, agus daoine LADTI+.

**Cuimsiú**

***Baineann cuimsiú le dáileadh acmhainní agus rochtain orthu agus feabhas a chur ar fholláine agus ar cháilíocht na beatha don éagsúlacht daoine. Is éard atá i gceist leis ná díriú ar dhaoine a fhulaingíonn an neamhionannas agus a ndul chun cinn a éascú agus a gcúinsí a athrú chun feabhais.***

Is iad na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Easpa dídine, lena n-áirítear:
  - ábharthacht ar leith don ghrúpa stádais shocheacnamaíoch;
  - ró-ionadaíocht daoine dubha agus daoine ó mhionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil, na Romaigh, tuismitheoirí aonair, imircigh, daoine ó mhionreiligiúin, agus daoine óga; agus
  - tearcionadaíocht daoine faoi mhíchumas i measc iarratasóirí tithíochta.
- Míbhuntáiste tithíochta, lena n-áirítear:
  - ábharthacht ar leith don ghrúpa stádais shocheacnamaíoch;
  - plódú tithíochta go háirithe i gcás daoine dubha agus mionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil, na Romaigh, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga;
  - cóiríocht agus dálaí maireachtála atá faoi bhun caighdeáin, go háirithe don Lucht Siúil, do na Romaigh, do thuismitheoirí aonair agus do dhaoine faoi mhíchumas;
  - éiginnteacht ó thaobh tithíochta de agus droch-choinníollacha do na grúpaí aitheanta san earnáil cíosa phríobháidigh; agus

  - easpa tacaíocht airgeadais d'oiriúnuithe tí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Bochtaineacht agus ioncam íseal
  - ábharthacht ar leith don ghrúpa stádais shocheacnamaíoch;
  - leibhéil arda bochtaineachta comparáideacha do thuismitheoirí aonair, do dhaoine faoi mhíchumas, do Romaigh, don Lucht Siúil agus do dhídeanaithe;
  - ioncaim ísle, go háirithe do mhná agus do dhaoine faoi mhíchumas;
  - costais bhreise a bhaineann le míchumas nach ndéantar freastal orthu; agus
  - bearnaí pá agus pinsin, go háirithe do mhná.
- Dífhostaíocht, tearcfhostaíocht, agus obair neamhbhuana, lena n-áirítear:
  - leibhéil arda dífhostaíochta i measc daoine óga, daoine dubha agus mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus na Romaigh, tuismitheoirí aonair, agus daoine faoi mhíchumas;
  - easpa rochtana ar obair chuibhiúil, go háirithe do mhná, do thuismitheoirí aonair, d'imircigh, do mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil agus daoine faoi mhíchumas;
  - easpa aitheantais do cháilíochtaí na n-imirceach;
  - neart daoine in obair pháirtaimseartha agus neamhbhuan, go háirithe mná agus tuismitheoirí aonair; agus
  - deighilt fostaíochta, lena n-áirítear mná den chuid is mó in obair chúraim.
- Easpa ardú céime agus dul chun cinn gairme, lena n-áirítear:
  - bacainní ar ardú céime a bhíonn ag mná agus ag daoine faoi mhíchumas.
- Neamhionannas digiteach, easpa bonneagair, trealamh agus scileanna, lena n-áirítear
  - neamhionannas suntasach do dhaoine scothaosta, do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht, agus don Lucht Siúil; agus
  - méadú ar sholáthar seirbhísí ar líne agus ar sholáthar faisnéise i gcomhthéacs an neamhionannais dhigitigh.
- Neamhionannas laistigh de na healaíona, lena n-áirítear:
  - bacainní ar bheith rannpháirteach sna healaíona mar thomhaltóirí agus mar ealaíontóirí féin; agus
  - bacainní ar ardú céime i ngairmeacha beatha sna healaíona, go háirithe do mhná.
- Bonneagar cúraim neamhleor, lena n-áirítear:
  - costas ard cúram leanaí;
  - soláthar neamhleor cúraim leanaí;
  - easpa seirbhísí cúraim do dhaoine scothaosta; agus

- comhroinnt mhíchothrom ar fhreagrachtaí cúraim idir mná agus fir.
- Easpa spriocdhírithe agus gníomh dearfach chun aghaidh a thabhairt go díreach ar mhíbhuntáiste na ngrúpaí sainaitheanta.

**Rannpháirtíocht**

***Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht ná go bhfuil guth agus cead cainte ag daoine, agus go bhfuil rannpháirteachas agus comhoibriú ann. Is éard atá i gceist leis ná a bheith oscailte, eolas a chur ar fáil d'éagsúlacht na ndaoine, éisteacht leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach i bpróisis chomhairliúcháin agus chinnteoireachta agus in iarrachtaí comhpháirtíochta.***

Is iad na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, faoi mar a bhaineann siad leis an luach seo agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná:

- Easpa deiseanna chun cead cainte a bheith ag daoine agus páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin agus i bpróisis chinnteoireachta, lena n-áirítear:
  - easpa struchtúir agus córais i bhfeidhm le cead cainte a éascú do dhaoine;
  - dearadh míchuí ar struchtúir agus ar chórais ó thaobh cead cainte a thabhairt do dhaoine; agus
  - raon teoranta réimsí beartais atá oscailte le haghaidh comhairliúcháin agus rannpháirtíochta.
- Easpa tionchair trí phróisis chomhairliúcháin agus i bpróisis chinnteoireachta, agus easpa aiseolais tar éis comhairliúcháin agus rannpháirtíochta.
- Láithreacht teoranta daoine ó na grúpaí aitheanta i bpoist chinnteoireachta.
- Easpa ionadaíochta do dhaoine ó na grúpaí aitheanta sa saol poiblí agus polaitiúil, lena n-áirítear:
  - tearcionadaíocht ban i bpoist thofa; agus
  - easpa láithreacht an Lucht Siúil agus saoránaigh nach Éireannaigh iad i bpoist thofa agus mar iarrthóirí toghcháin.
- Acmhainní a bheith easpach, forbairt theoranta ina leith agus/nó iad a bheith teoranta don eagrú laistigh de roinnt grúpaí aitheanta.
- Easpa scileanna, eolais agus feasachta laistigh de na grúpaí sainaitheanta le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach a éascú

## 3. Aguisín: Leabhar Fianaise

Tá ár measúnú ar chomhionannas agus ar chearta an duine don Dualgas bunaithe ar fhianaise agus é ag tarraingt ar:

A. Straitéisí Beartais Áitiúil
B. Straitéisí Beartais Náisiúnta
C. Taighde náisiúnta

D. Aighneachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta
E. Cruinniú bailíochtaithe ar líne le heagraíochtaí na sochaí sibhialta

**A: Straitéisí Beartais Áitiúil**

Aithníonn Plean Straitéiseach CCG do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026 saincheisteanna a bhaineann le staid, taithí agus féiniúlacht maidir le cúis an mhíchumais.

Maidir le **cás**:

- Ba cheart go mbeadh daoine faoi mhíchumas i dteideal caighdeán maireachtála leordhóthanach lena n-áirítear tithíocht, an deis a n-áit chónaithe a roghnú ar bhonn comhionann le daoine eile agus an deis chun cónaí go neamhspleách sa phobal.
- Tá 22,523 duine i gContae na Gaillimhe a bhfuil míchumas amháin nó níos mó orthu. Is é seo 13% de dhaonra iomlán an Chontae. Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú 20% ar líon na ndaoine faoi mhíchumas faoi 2026. Ionadaíocht chionmhar – an céatadán míchumais atá ar an liosta tithíochta sóisialta a léiriú go huathoibríoch i ndearadh na bhfoirgneamh nua gan gá le tuilleadh fírinnithe.
- Tá tearcionadaíocht d'iarratasóirí tithíochta faoi mhíchumas.
- Tá dúshláin maidir le soláthar tithíochta: Ó Mheán Fómhair 2021, bhí 653 teaghlach ceadaithe i CCG do na ceithre chatagóir míchumais agus 31 teaghlach eile do mhíchumais neamhshonraithe.
- Tá leibhéil an-ard bochtaineachta agus eisiamh sóisialta i measc daoine faoi mhíchumas le blianta fada anuas, rud a chothaíonn nó a mhéadaíonn na fadhbanna tithíochta a bhíonn acu go minic.
- Is minic nach mbíonn teaghlaigh in ann an costas barrachais atá ag teastáil a chlúdach chun oiriúnú tí a chur i gcrích in ainneoin an mhaoinithe atá ar fáil tríd an scéim Deontais Oiriúnaithe Tithe.
- Tá bearna leanúnach idir an riachtanas/soláthar tithíochta agus an riachtanas tacaíochta/cúraim i gcásanna áirithe, go háirithe maidir le daoine aonair a dteastaíonn oibrí tacaíochta uathu ar bhonn rialta chun tacaíocht a sholáthar le gníomhaíochtaí maireachtála laethúla (GML).
- Ní bhaineann daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí i suíomhanna institiúideacha nó comhchruinnithe a bhfuil taithí acu ar institiúidiú le suíomh nó le méid na réadmhaoine amháin, ach le dálaí saoil agus leis an méid fíorsmachta suntasach atá ag cónaitheoir ar a socruithe maireachtála.

Maidir le **taithí**:

- Is minic nach nglacann tiarnaí talún le cóiríocht phríobháideach ar cíos le tionóntaí Liúntas Cíosa/ÍCT a dteastaíonn oiriúnuithe/áiseanna/fearais uathu.
- D'ardaigh cliaint a bhaineann leas as seirbhísí meabhairshláinte a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht ÍCT an cheist maidir le 'strus meabhrach tionachta neamhchinnte'.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Tá gá le forbairt leanúnach agus bhreise maidir le prionsabal an deartha uilíoch agus inoiriúnaitheacht feadh an tsaoil na n-aonad cónaithe.

Aithnítear in Straitéis Chlár Aois-Bhách na Gaillimhe 2014-2019 saincheisteanna a bhaineann le daoine scothaosta.

Maidir le **cás**:

Maireachtáil neamhspleách:

- Is mian le formhór na ndaoine fásta scothaosta an tseanaois a chaitheamh ina dtithe agus ina bpobail féin, ach tá ceist ann an bhfuil rochtain acu ar thithíocht a ligeann dóibh é sin a dhéanamh, go sábháilte, ar phraghas réasúnta agus leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí a theastaíonn uathu chun a neamhspleáchas a choinneáil.
- Neamhdhóthanacht uaireanta cúnaimh baile agus deontais phoiblí le haghaidh cabhracha agus tacaíochtaí riachtanacha le cur ar chumas daoine fanacht sa bhaile, mar aon le himní faoin liosta feithimh méadaithe do chúnamh baile agus an t-achar fada measúnaithe do thacaíocht airgeadais le haghaidh oiriúnú tí agus trealamh sábháilteachta pearsanta.
- Easpa córais tacaíochta sa bhaile do dhaoine a scaoiltear amach as an ospidéal.

Iompar poiblí:

- Thuairiscigh breis is 70% de dhaonra na tuaithe go raibh an córas iompair poiblí olc i gcomparáid le 20% i mBaile Átha Cliath. Is féidir le hiompar poiblí: eisiamh sóisialta a laghdú; caighdeán beatha daoine a fheabhsú; líonraí sóisialta a neartú, leithlisiú a laghdú, agus idirdheighilt shóisialta a chosc; agus úsáidí níos inbhuanaithe ama agus spáis (poiblí) a spreagadh agus a chur chun cinn. Feictear go bhfuil an soláthar seirbhísí iompair reatha chuig ceantair thuaithe neamhleor chun freastal ar riachtanais iompair an phobail agus ní nascann sé go maith le bealaí agus roghanna iompair phoiblí príomhshrutha.
- Is dhá bhac iad inrochtaineacht fhisiciúil agus airgeadais a chuireann cosc ar dhaoine scothaosta rochtain a fháil ar chórais iompair. Is ábhar imní ar leith na scáthláin bus maidir lena n-oiriúnacht do dhaoine scothaosta ó thaobh easpa suíocháin agus fothain agus na rioscaí sábháilteachta a bhaineann leo faoi láthair.

Foghlaim ar feadh an tsaoil:

- Tá gá le tuilleadh imeachtaí sóisialta chun stop a chur le heisiamh sóisialta agus chun tacú le hoideachas leanúnach agus oiliúint teicneolaíochta a chuidíonn le daoine scothaosta a choinneáil gníomhach sa phobal.

Eisiamh digiteach:

- Níl an t-idirlíon ag gach duine agus de thoradh gach eolas a chur ar líne coisctear ar dhaoine rochtain a fháil ar sheirbhísí.
- Tá srianta maidir le rochtain leathanbhanda agus gá tá le rolladh amach níos fearr ar an gclár leathanbhanda, go háirithe i gceantair thuaithe.

Cinnteoireacht:

- An gá le cur ar chumas daoine scothaosta tionchar a imirt ar bheartas agus athruithe a thionscnamh.
- An gá le modhanna comhairliúcháin feabhsaithe a thugann fíordheis do dhaoine scothaosta tairbhe a dhéanamh do chúrsaí agus léargas leanúnach a thabhairt ar fhorbairt tionscadal agus clár ag soláthraithe seirbhíse agus pleanálaithe.

Maidir le **taithí**:

- Ní mór do lucht déanta beartas agus soláthraithe seirbhíse a bheith níos feasaí ar riachtanais daoine scothaosta agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a n-oibríonn siad chun cáilíocht agus inbhuanaitheacht na seirbhíse a chinntiú agus tá gá le modhanna comhairliúcháin feabhsaithe a thug fíordheis do dhaoine scothaosta tairbhe a dhéanamh do chúrsaí agus léargas leanúnach a fháil ar fhorbairt tionscadal agus clár ag soláthraithe seirbhíse agus pleanálaithe.
- Steiréitíopáil agus gá le steiréitíopa na meán maidir le daoine scothaosta a athrú agus an gá atá le heagraíochtaí tacú le daoine scothaosta chun próifíl níos dearfaí a fhorbairt agus bealach a aimsiú chun aird a tharraingt ar an tairbhe dearfach a dhéanann siad do phobail áitiúla.
- Sábháilteacht agus an gá atá le daoine scothaosta a chur ar an eolas faoi fhanacht sábháilte ina dtithe agus ina bpobail.
- Mearbhall faoi theidlíochtaí agus an gá atá le faisnéis níos fearr agus níos comhordaithe a bheith ar fáil agus an gá le heagraíochtaí a gcuid riachtanas a mheas agus próisis iarratais agus pacáistí faisnéise á bhforbairt acu.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Cuimseoidh daoine scothaosta, anois agus amach anseo, speictream níos leithne de dhálaí agus de chumais shocheacnamaíocha, fhisiceacha, eitneacha agus chultúrtha. Ní oireann an toise céanna do gach duine. Tá suimeanna agus riachtanais éagsúla ag daoine scothaosta; bíonn tionchar ag fachtóirí aicme, socheacnamaíocha agus sláinte ar leibhéil an ionchuimsithe shóisialta.

Aithníonn PÁEP Chontae na Gaillimhe 2016-2022 saincheisteanna a bhaineann le staid an stádais shocheacnamaíoch.

Maidir le **cás**:

- Bhí an cóimheas aoise is cleithiúnais i gContae na Gaillimhe ag 54.4%, níos airde ná an ráta náisiúnta de 49.3%.
- Léiríonn an t-innéacs coibhneasta díothachta do Chontae na Gaillimhe réimse míbhuntáiste timpeall imeall an Chontae. Tá míbhuntáiste tuaithe le fáil i ngach cearn den Chontae agus tá fadhbanna coitianta sa réimse míbhuntáiste seo.
- Ba é an líon iomlán a shínigh ar an mBeochlár in oifigí i gContae na Gaillimhe i Meán Fómhair 2015 ná 7,982. Astu sin bhí 1,020 faoi bhun cúig bliana is fiche d'aois.
- Chuaigh an ráta dífhostaíochta i gContae na Gaillimhe ó 7.7% in 2006 go 18.1% in 2011. I gContae na Gaillimhe bhí an ráta dífhostaíochta d’fhir ag 21.6% agus ba é an ráta dífhostaíochta do mhná ná 13.7%. Bhí an ráta dífhostaíochta i gceantair uirbeacha sa Chontae i bhfad níos airde ná an meánfhigiúr ar fud an Chontae. In 2011, fuarthas na rátaí dífhostaíochta ab airde i mbailte ACPIF (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) Bhéal Átha na Sluaighe (27.3%) agus Tuaim (25.7%), agus Port Omna (24.2%), an Gort (23.7%) (a rangaigh foireann CFECT (An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe) mar an baile is mó faoi mhíbhuntáiste i gContae na Gaillimhe) agus Baile Locha Riach (23.4%). Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na bailte leis na 5 ráta is airde dífhostaíochta suite in oirthear an Chontae.

- Tá feabhas ag teacht ar leibhéil ghnóthachtála oideachais i gContae na Gaillimhe nuair a dhéantar comparáid idir leibhéil oideachais ó 2006 go 2011. Bhí céatadán beagáinín níos airde de dhaonra Chontae na Gaillimhe, 15 bliana d'aois agus níos sine, ná an Stát in 2011, a d'éirigh as an oideachas ag 'Leibhéal Neamhchéime' (15.9% i gcomparáid le 15.7%).
- Tá easpa seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas, lena n-áirítear fisiteiripe, teiripe urlabhra agus teanga, teiripe shaothair, seirbhísí síceolaíochta agus tacaíochtaí scoile.
- Bainfidh easpa seirbhísí leathanbhanda ardluais ar fud an chontae an bonn d'inbhuanaitheacht na mbailte, na sráidbhailte, na gceantar tuaithe agus na n-oileán a bhfuil cónaí ag daoine orthu.
- Tá céatadán níos airde den daonra i gContae na Gaillimhe a thugann le fios go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt ag 51%.

Aithnítear i gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil de chuid Chontae na Gaillimhe 2019-2024 saincheisteanna a bhaineann le cás, taithí agus féiniúlacht maidir leis an Lucht Siúil.

Maidir le **cás**:

- Róphlódú, bhí níos mó daoine ná seomraí ag beagnach beirt as gach cúig theaghlach den Lucht Siúil (39.1%) i gcomparáid le níos lú ná sé faoin gcéad de na teaghlaigh go léir
- Easpa dídine, ba é an líon Lucht Siúil a taifeadadh mar dhaoine gan dídean in 2016 ná 517 i gcomparáid le 163 in 2011, méadú 217%, i gcomparáid le méadú 81% don daonra i gcoitinne
- Soláthar easnamhach cóiríochta, cónaí i gcóiríocht faoi bhun an chaighdeáin, éiginnteacht maidir le cóiríocht
- Bochtaineacht agus eisiamh sóisialta
- Eisiamh maidir le hionchur a bheith acu sa chinnteoireacht, mar dhaoine aonair nó i dteannta a chéile mar ghrúpa, le bacainní ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear costais airgeadais, easpa iompair, agus samhlacha míchuí chun rannpháirtíocht a eagrú, easpa spreagtha, faisnéise, agus cumas chun rannpháirtíocht éifeachtach a éascú, agus gan cluas éisteachta a fháil agus gan luach curtha lena n-ionchur sna próisis chomhairliúcháin.
- Gan freagairt do riachtanais shonraithe agus iad a chur san áireamh
- Easpa rochtana ar an bhfaisnéis agus ar an gcumas atá riachtanach chun roghanna eolasacha a dhéanamh.

Maidir le **taithí**:

- Bheith thíos le hidirdhealú, ciapadh, agus steiréitíopáil, lena n-áirítear aon tuairimí a mheastar a bheith acu maidir le riachtanais agus uaillmhianta
- Leithlisiú mar gheall ar láithreacha a chuireann srian le rochtain ar thacaíochtaí agus deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta, agus eisiamh maidir le bheith mar chuid den phobal.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Gan éagsúlacht pobail a aithint agus pleanáil lena haghaidh trí dhearadh
- Gan éagsúlacht laistigh de phobal a aithint agus pleanáil lena haghaidh trí dhearadh
- Easpa soláthair nó gan an spás riachtanach a chur ar fáil don éagsúlacht
- Easpa sonraí ar an Lucht Siúil agus easpa aitheantóra eitnigh.

**B: Straitéisí Beartais Náisiúnta**

Sainaithnítear sa Straitéis Náisiúnta Óige 2015-2020 (2014) saincheisteanna a bhaineann le staid, taithí agus féiniúlacht maidir leis an bhforas aoise (daoine óga 10-24 bliana d'aois).

Maidir le **cás**:

- In 2014, tuairiscíodh go raibh thart ar 74,000 duine idir 15-24 bliana d'aois in Éirinn (16.7%) nach raibh in oideachas, fostaíocht ná oiliúint i gcomparáid le meán an ECFE de 12.6%. Níl níos mó ná oideachas meánscoile íochtaraí ag breis is 50% de dhaoine óga atá dífhostaithe (20-24 bliana d'aois)
- In 2014, bhí 23.9% de dhaoine óga idir 15-24 bliana d'aois dífhostaithe. Tá an treocht thíos, ó bheagnach 80,000 ar an meán in 2009 go 47,000 ar an meán in 2014
- In 2013, bhí 14% de dhaoine óga idir 15-24 bliana d'aois i mbochtaineacht ar bhonn leanúnach
- Ní théann ach 12% de leanaí iar-bhunscoile i mbun leibhéil mholta de ghníomhaíocht coirp; Tá 6% de leanaí 13 bliana d'aois murtallach, agus tá 20% eile róthrom. Meastar gur óltóirí seachtainiúla iad 20% de dhaoine 16 bliana d'aois
- In 2013 bhí an ráta féinmharaithe do dhaoine óga in Éirinn idir 15-19 mbliana ar an gceathrú ráta is airde san AE. Ní raibh aon teagmháil ag formhór na ndaoine óga a fhaigheann bás trí fhéinmharú le gairmí meabhairshláinte
- D'aithin daoine óga meabhairshláinte, oideachas, ionchuimsitheacht, fostaíocht, rochtain ar sheirbhísí, obair óige/eagraíochtaí óige, agus tacú le haistriú mar réimsí ina bhfuil gá le fócas.

Maidir le **taithí**:

- D'fhulaing beagnach an ceathrú cuid de leanaí idir 9-16 bliana d'aois (23%) a ndearnadh suirbhé orthu in Éirinn in 2012 bulaíocht de chineál éigin, ar líne nó as líne (is é an dara ceann an ceann is minice)
- Tá daoine óga, go háirithe cailíní óga, i mbaol féiníomhá dhiúltach agus brú ó na meáin a bhaineann le híomhá coirp.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Léiríonn taighde go bhfuil ardleibhéal bulaíochta hómafóbaí i scoileanna agus i suíomhanna eile, agus sainaithníodh é seo, in éineacht le diúltú teaghlaigh, mar chúis le drochthorthaí meabhairshláinte níos déanaí sa saol do dhaoine óga LADT (leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach)
- I gcás na ndaoine óga sin in Éirinn a fhéinaithníonn iad féin mar LADT, is é 12 bhliain an aois is coitianta, agus is é 17 mbliana an aois is coitianta a dtosaíonn siad ar an bpróiseas 'teacht amach' le daoine eile. Is minic gur tréimhse uaignis é seo do dhaoine óga LADT.

Aithnítear sa Straitéis Óige Náisiúnta LADTI+ 2018-2020 saincheisteanna a bhaineann le staid, taithí agus féiniúlacht maidir le hinscne agus claonadh gnéis.

Maidir le **cás**:

- Bíonn leibhéil arda fadhbanna meabhairshláinte ag daoine óga LADTI+, lena n-áirítear rátaí níos airde de strus tromchúiseach, imní, dúlagar, féindochar, agus iarracht ar fhéinmharú.

Maidir le **taithí**:

- Tá dúshláin idirdhealaithe, íospartha, stiogma agus mí-úsáide le sárú ag daoine óga LADTI+

- Tá dúshláin le sárú ag daoine óga LADTI+ maidir le deacrachtaí ag teacht amach san ionad oibre, go háirithe ag daoine trasinscne
- Tá dúshláin le sárú ag daoine óga LADTI+ maidir le deacrachtaí a bhaineann le glacadh le féiniúlacht LADTI+ ag teaghlaigh, pobail agus an tsochaí i gcoitinne.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Eolas agus tuiscint theoranta ar shaincheisteanna LADTI+ ag soláthraithe seirbhíse príomhshrutha agus ag gairmithe a bhíonn i dteagmháil le daoine óga LADTI+
- Tugann daoine óga LADTI+ aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le spásanna a dheighltear ar bhonn inscne, amhail scoileanna aonghnéis, leithris agus áiseanna athraithe, do dhaoine óga trasinscne agus neamh-dhénártha
- Tá meicníochtaí taighde agus bailithe sonraí do dhaoine LADTI+ in Éirinn agus go hidirnáisiúnta fós ina dtús agus teastaíonn forbairt shuntasach uathu. Gan aon sonraí oifigiúla ar dhaoine trasinscne nó neamh-dhénártha. Is grúpa eile iad daoine óga idirghnéasacha atá deacair a chainníochtú mar gheall ar na castachtaí a bhaineann le sainmhíniú soiléir ar an ngrúpa seo.

Aithnítear sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LGBTI+ 2019-2021 saincheisteanna a bhaineann le cásanna, taithí agus féiniúlacht maidir le daoine LADTI+.

Maidir le **cás**:

- Leagadh béim ar thábhacht an ionchuimsithe san ionad oibre ag beagnach gach ceardlann agus thuairiscigh rannpháirtithe go bhfuil bacainní suntasacha fós ann d'fhostaithe LADTI+
- Tá sé tugtha le fios ag daoine LADTI+i gceantair thuaithe go bhfuil baol ann go mbeidís scoite amach.

Maidir le **taithí**:

- I sonraí le déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, thuairiscigh daoine a shainaithníonn mar LADTI+ (33.2%) na rátaí idirdhealaithe ab airde, agus ina dhiaidh sin daoine ó chúlraí eitneacha neamhbhána (33.1%), daoine dífhostaithe (30.2%) agus daoine nach Éireannaigh iad (26.7%)
- Bagairtí maidir le sábháilteacht agus slándáil a bhíonn ag daoine LADTI+. Ní bhraitheann daoine LADTI+ sábháilte i gcónaí sa spás poiblí agus ar iompar poiblí
- Leanann daoine LADTI+ ar aghaidh ag fulaingt leibhéil do-ghlactha de chiapadh, de leatrom i roinnt ionad oibre agus bíonn saincheisteanna sláinte ar leith acu
- Tháinig an gá le hionadaíocht mhéadaithe agus neamhsteiréitipiciúil ar fhéiniúlachtaí LADTI+ chun cinn mar théama i rith an ama le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Maidir le **féiniúlacht**:

- Le go mbeidh rochtain ag daoine LADTI+ ar sheirbhísí ar bhonn comhionann le daoine eile, beidh ar sheirbhísí príomhshrutha a chinntiú go gcuireann siad lionsa LADTI+ i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí
- Ó athbhreithniú ar an litríocht ábhartha, measadh gurb í an cheist is tábhachtaí atá ann de réir freagróirí sa chéad suirbhé 'Ceisteanna Móra' ar dhaoine LADT ná a bheith in ann oibriú i dtimpeallacht inar féidir le daoine a bheith iomlán oscailte faoina ngnéasacht agus faoina bhféiniúlacht inscne agus a bhféiniúlacht bharántúil a thabhairt leo gan eagla roimh leatrom

- Is éard atá sa phobal LADTI+ éagsúlacht shaibhir féiniúlachtaí a bhfuil riachtanais agus dearcthaí sonracha ag gach ceann acu nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach aonchineálach.

Aithníonn [Beartas agus Straitéis um Chomhionannas, Cearta an Duine Éagsúlacht na Comhairle Ealaíon] saincheisteanna a bhaineann le cásanna, taithí agus féiniúlacht do raon grúpaí.

Maidir le **cás**:

- Laistigh de na healaíona in Éirinn, tá go leor éagothroime fós ann agus tá líon suntasach daoine ann a leanann de bheith ag fulaingt ó bhaic ar bheith rannpháirteach sna healaíona mar gheall ar a gcúlra socheacnamaíoch, a n-eitneachas nó a reiligiún, a gclaonadh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne, a stádas teaghlaigh, a n-aois, a bheith mar dhuine den Lucht Siúil, nó de bharr easpa cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas
- Leanann ealaíontóirí baineanna ar fud raon disciplíní ealaíonta orthu ag teacht ar bhacainní tromchúiseacha ar a ngairmeacha beatha agus a stór a chur chun cinn ar bhealach atá comhionann lena bpiaraí fireanna.

Sainaithnítear sa National Traveller and Roma Strategy 2017-2022 saincheisteanna a bhaineann le cásanna, le taithí agus le féiniúlacht maidir leis an Lucht Siúil agus na Romaigh.

Maidir le **cás**:

- Fuarthas amach sa taighde go seasann an Lucht Siúil amach mar ghrúpa a mbíonn an-mhíbhuntáiste acu ó thaobh fostaíochta, tithíochta agus sláinte de agus go bhfuil réamhchlaontacht an-láidir os a gcomhair
- Is lú i bhfad an seans go mbeidh a dteach féin ag duine den Lucht Siúil i gcomparáid leis an daonra ginearálta (20% in aghaidh 70%), in ainneoin go bhfuil cónaí ar cheithre oiread teaghlach den Lucht Siúil in aon seomra amháin
- In 2013: Bhí 361 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí ar "láithreáin neamhúdaraithe"; Bhí 188 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí ar "bhánna seirbhíse bunúsacha"; Roinn 182 teaghlach den Lucht Siúil láithreáin stad bhuana; Roinn 17 teaghlach den Lucht Siúil bánna seirbhíse bunúsacha/láithreáin stad neamhbhuana; agus 663 teaghlach den Lucht Siúil ag roinnt tithe
- Thuairiscigh an Lucht Siúil nach bhfuil cóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil á húsáid ag an Lucht Siúil ar na cúiseanna seo a leanas: teannas, coinbhleacht, agus imeaglú laistigh de agus idir teaghlaigh den Lucht Siúil, suíomh agus dearadh láithreán agus scéimeanna, sláinte, róphlódú agus droch-chothabháil/drochbhainistiú ar láithreáin
- Tá difríocht mhór idir an Lucht Siúil agus daoine nach den Lucht Siúil iad ó thaobh an leibhéil oideachais a bhaintear amach. Tá míbhuntáiste an Lucht Siúil sa mhargadh saothair nasctha go mór leis an míbhuntáiste oideachais sin
- Fuarthas amach i Staidéar Uile-Éireann Sláinte 2010 go raibh 84% den Lucht Siúil le linn an staidéir dífhostaithe. Léiríonn Daonáireamh 2011 go raibh 81.2% gan obair as líon iomlán de 4,144 bean den Lucht Siúil. Tugann go leor Taistealaithe óga le fios gur fíorbheagán tairbhe atá ann fanacht ar scoil mar nach raibh seans ar bith go bhfaighfí fostaíocht íoctha ina dhiaidh sin de bharr idirdhealú. Braitheann siad gurb é an t-aon bhealach le dul ar aghaidh

agus poist a fháil ná comhtháthú a dhéanamh, bheith cosúil leis an daonra socraithe agus a bhféiniúlacht féin a shéanadh

- Tugadh faoi deara i bpreasráiteas ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (an 29 Samhain 2016) go bhfuil 80% de na Romaigh a cuireadh faoi agallamh i mbaol bochtaineachta i gcomparáid le meán an AE de 17%.

Maidir le **taithí**:

- Ní i gcónaí a chaitear le níos mó ná 40% den Lucht Siúil le dínit agus le meas.

Maidir le **féiniúlacht**:

